**Samhradh 2022 – Clár Samhraidh do gach Iar-bhunscoil do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Chasta Oideachais acu agus do Dhaltaí atá i mbaol Míbhuntáiste Oideachasúil**

03 Bealtaine 2022

A Phríomhoide, a chara,

D'fhógair an tAire Foley agus an tAire Madigan pacáiste tacaí le déanaí chun go bhféadfadh scoileanna ar fud na hearnála bunscoile agus iar-bhunscoile clár samhraidh a thairiscint do leanaí a bhfuil riachtanais chasta speisialta oideachais acu agus do leanaí atá sa bhaol is airde míbhuntáiste oideachasúil. Is é cuspóir na litreach seo forbhreathnú níos mine a thabhairt ar conas a oibreoidh an clár iar-bhunscoile, lena n-áirítear tuilleadh faisnéise faoin raon tacaí atá ar fáil.

Áirítear leis na cláir atá ar tairiscint an samhradh seo clár samhraidh dhá sheachtain atá ar fáil do gach iar-bhunscoil.

Cuireann an clár sin le rath na gclár leathnaithe a bhí ar siúl sa bhliain 2021, agus leas á bhaint as an aiseolas a fuarthas ó ghealllsealbhóirí oideachais maidir le conas a d'fhéadfaí tacaíocht níos fearr a thabhairt don chlár do gach duine lena mbaineann i samhradh na bliana 2022.

Cé gur maith is eol don Roinn an obair thábhachtach atá á déanamh in iar-bhunscoileanna chun tacú leis an bpróiseas scrúduithe faoi láthair, tá súil aici go dtabharfaidh an treoir agus na struchtúir thacaíochta atá beartaithe spreagadh do scoileanna an clár a reáchtáil i mbliana.

Glactar leis go soláthródh clár scoilbhunaithe eispéireas níos iomlánaíche do dhaltaí agus go gcabhródh sé leo ceangal tábhachtach a chothabháil leis an scoil agus lena gcomhdhaltaí.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na bearta atá ceaptha chun tacú le scoileanna an clár a reáchtáil i samhradh na bliana 2022:

- **Formhaoirseoir** – Féadfaidh gach scoil Formhaoirseoir a cheapadh, ar duine é/í a oibreoidh i ról neamhtheagaisc chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chláir shamhraidh na scoile. Ní gá go mbeadh an duine sin ina p(h)ríomhoide scoile, agus féadfaidh aon mhúinteoir buan sa scoil an ról sin a chomhlíonadh.
- **Am Ullmhúcháin** – Leithdháilfear 10 n-uaire íoctha an chloig sa bhreis i leith gach seachtaine de gach clár, ar lena linn a fhéadfaidh an formhaoirseoir nó múinteoir eile na cláir aonair a ullmhú.
- **Pá Breise** – Gheobhaidh na múinteoirí agus na cúntóirí riachtanas speisialta atá ag obair ar an gclár pá aon seachtaine sa bhreis i leith gach seachtaine den chlár, bunaithe ar a ráta pearsanta pá.

- **An Tairseach Éileamh Íocaíochta ar Líne –** Úsáidfear an tairseach seo chun moilleanna agus castacht a laghdú agus éilimh scoile á gcur isteach.
- **Íocaíochtaí Níos Luaithe le Baill Foirne –** Próiseálfar íocaíochtaí de réir mar a fhaightear éilimh thar an samhradh, agus creataí ama íocaíochta á laghdú dá bharr sin. Tabharfar spreagadh d'Fhormhaoirseoirí Scoile na spriocdhátaí foilsithe a chomhlíonadh chun tacú leis an bpróiseas sin.
- **Solúbthacht** – Féadfaidh scoileanna an clár a reáchtáil aon tráth le linn na laethanta saoire scoile.
- **Baill Foirne Sheachtracha –** Féadfaidh scoileanna múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta ó áiteanna lasmuigh dá scoil a fhostú mura bhfuil na baill foirne atá fostaithe ag an scoil de ghnáth ar fáil. Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann na cláir shamhraidh a chur chun cinn leis na múinteoirí a mbeidh a gcéim bainte amach acu i mbliana agus le mic léinn fochéime atá cláraithe faoi Bhealach 5 chun an líon múinteoirí atá ar fáil an samhradh seo a mhéadú, ag gníomhú dóibh trí https://www.educationposts.ie/. Leis an tairseach sin, tacaítear le baill foirne a earcú chuig poist san earnáil bunscoile agus iar-bhunscoile.
- **Laghdú san Ualach Riaracháin –** Cuíchóiríodh na próisis iarratais agus íocaíochta, lenar áiríodh spleáchas a laghdú ar an bpróiseas éileamh páipéarbhunaithe.
- **Tacaíocht agus Treoir –** Soláthrófar Líne Chabhrach agus ábhar treorach.
- **Costais Reatha** – Íocfar deontas a bheidh cothrom le €30 in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine le gach scoil rannpháirteach.
- **Iompar Scoile** – Is féidir go mbeidh seirbhísí iompair scoile ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as seirbhísí faoin scéim iompair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I gcás nach mbeidh seirbhísí ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas de ghnáth as an scéim iompair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, beidh cistiú deontais living iníoctha le tuismitheoirí tar éis an chláir.

Is iad na haidhmeanna atá leis an gclár tacú le daltaí gabháil don oideachas an athuair, muinín daltaí a fhorbairt agus cur lena n-inspreagadh, folláine a chur chun cinn agus, i gcás daltaí atá ag príomhchéimeanna aistrithe, cabhrú lena chinntiú go mbeidh siad in ann bogadh ar aghaidh chuig an socrúchán breisoideachais nó an tseirbhís aosach atá beartaithe acu, de réir mar is cuí, i mí Mheán Fómhair an bhliain seo chugainn.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na scéimeanna ar fáil ag https://gov.ie/clarsamhraidh, lena n-áirítear faisnéis faoi na tacaí atá ar fáil agus faoi conas is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh.

Beidh clár samhraidh bailebhunaithe ar fáil do dhaltaí a bhfuil **riachtanais chasta speisialta oideachais** acu i gcás nach mbeidh clár scoilbhunaithe á sholáthar ag an scoil. Eiseofar iarratas agus paca faisnéise maidir leis an scéim bhailebhunaithe sna seachtainí atá romhainn, ar nithe iad is féidir a sholáthar do thuismitheoirí ansin.

Ba mhór againn comhar agus tacaíocht a fháil uait i leith an chláir samhraidh seo. Má bhíonn aon cheisteanna agat, seol ríomhphost chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie nó cuir glao ar 090 648 4292.

Le meas,

Frank Hanlon
Príomhoifigeach
Cuimsiú agus Riachtanais Speisialta Oideachais

**Samhradh 2022 – Cláir Shamhraidh Bunscoile do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Chasta Oideachais acu agus do Dhaltaí atá i mbaol Míbhuntáiste Oideachasúil**

Bealtaine 2022

A Phríomhoide, a chara,

D'fhógair an tAire Foley agus an tAire Madigan pacáiste tacaí le déanaí chun go bhféadfadh scoileanna ar fud na hearnála bunscoile agus iar-bhunscoile clár samhraidh a thairiscint do leanaí a bhfuil riachtanais chasta speisialta oideachais acu agus do leanaí atá sa bhaol is airde míbhuntáiste oideachasúil. Is é cuspóir na litreach seo forbhreathnú níos mine a thabhairt ar conas a oibreoidh na cláir bhunscoile, lena n-áirítear tuilleadh faisnéise faoin raon tacaí atá ar fáil.

Áirítear leis na cláir atá ar tairiscint an samhradh seo clár samhraidh dhá sheachtain agus clár samhraidh trí seachtaine atá ar fáil do gach bunscoil, na cláir atá ann cheana i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta, agus na Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta i mbunscoileanna DEIS.

Féadfaidh bunscoileanna a bhfuil ranganna speisialta acu agus scoileanna speisialta clár leathnaithe a thairiscint sa bhliain 2022.

Cuireann an raon clár sin atá ar tairiscint le rath na gclár leathnaithe a bhí ar siúl sa bhliain 2021, agus leas á bhaint as an aiseolas a fuarthas ó gheallsealbhóirí oideachais maidir le conas a d'fhéadfaí tacaíocht níos fearr a thabhairt don chlár do gach duine lena mbaineann i samhradh na bliana 2022.

Cé gurb eol don Roinn gur tháinig mórdhúshláin gan fasach roimh bhaill foirne scoile thar an dá bhliain seo a chuaigh thart, tá súil aici go dtabharfaidh an treoir, na struchtúr thacaíochta agus an tairseach nua íocaíochtaí ar líne spreagadh do scoileanna an clár a reáchtáil i mbliana.

Glactar leis go soláthraíonn cláir scoilbhunaithe eispéireas níos iomlánaíche do dhaltaí agus go gcabhraíonn siad leo ceangal tábhachtach a chothabháil leis an scoil agus lena gcomhdhaltaí.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na bearta atá ceaptha chun tacú le scoileanna an clár a reáchtáil i samhradh na bliana 2022:

- **Formhaoirseoir** – Féadfaidh gach scoil Formhaoirseoir a cheapadh, ar duine é/í a oibreoidh i ról neamhtheagaisc chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chláir shamhraidh na scoile. Ní gá go mbeadh an duine sin ina p(h)ríomhoide scoile, agus féadfaidh aon mhúinteoir buan sa scoil an ról sin a chomhlíonadh.
- **Am Ullmhúcháin** – Leithdháilfear 10 n-uaire íoctha an chloig sa bhreis i leith gach seachtaine de gach clár agus leithdháilfear 12 uair íoctha an chloig sa bhreis in aghaidh na seachtaine i leith gach seachtaine den Chlár Ranganna Speisialta agus Scoileanna Speisialta. Féadfaidh aon mhúinteoir/aon mhúinteoirí atá fostaithe ag an

scoil, lena n-áirítear an múinteoir atá ceaptha chuig ról an Fhormhaoirseora, tabhairt faoi na huaireanta ullmhúcháin.

- **Pá Breise –** Gheobhaidh na múinteoirí agus na cúntóirí riachtanas speisialta atá ag obair ar an gclár pá aon seachtaine sa bhreis i leith gach seachtaine den chlár, bunaithe ar a ráta pearsanta pá.
- **An Tairseach Éileamh Íocaíochta ar Líne** – Úsáidfear an tairseach seo chun moilleanna agus castacht a laghdú agus éilimh scoile á gcur isteach.
- **Íocaíochtaí Níos Luaithe le Baill Foirne –** Próiseálfar íocaíochtaí de réir mar a fhaightear éilimh thar an samhradh, agus creataí ama íocaíochta á laghdú dá bharr sin. Tabharfar spreagadh d'Fhormhaoirseoirí Scoile na spriocdhátaí foilsithe a chomhlíonadh chun tacú leis an bpróiseas sin.
- **Solúbthacht** – Féadfaidh scoileanna an clár a reáchtáil aon tráth le linn na laethanta saoire scoile.
- **Baill Foirne Sheachtracha** – Féadfaidh scoileanna múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta ó áiteanna lasmuigh dá scoil a fhostú mura bhfuil na baill foirne atá fostaithe ag an scoil de ghnáth ar fáil.  Déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann na cláir shamhraidh a chur chun cinn leis na múinteoirí a mbeidh a gcéim bainte amach acu i mbliana agus le mic léinn fochéime atá cláraithe faoi Bhealach 5 chun an líon múinteoirí atá ar fáil an samhradh seo a mhéadú, ag gníomhú dóibh trí https://www.educationposts.ie/. Leis an tairseach sin, tacaítear le baill foirne a earcú chuig poist san earnáil bunscoile agus iar-bhunscoile.
- **Laghdú san Ualach Riaracháin** – Cuíchóiríodh na próisis iarratais agus íocaíochta.
- **Tacaíocht agus Treoir** – Soláthrófar Líne Chabhrach agus ábhar treorach.
- **Costais Reatha** – Íocfar deontas caipitíochta a bheidh cothrom le €30 in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine le gach scoil rannpháirteach agus íocfar deontas caipitíochta a bheidh cothrom le €60 in aghaidh an dalta in aghaidh na seachtaine le gach scoil atá rannpháirteach sa Chlár Ranganna Speisialta agus Scoileanna Speisialta.
- **Iompar Scoile** – Is féidir go mbeidh seirbhísí iompair scoile ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as seirbhísí faoin scéim iompair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I gcás nach mbeidh seirbhísí ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas de ghnáth as an scéim iompair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, beidh cistiú deontais iníoctha le tuismitheoirí tar éis an chláir.

Is iad na haidhmeanna atá leis an gclár tacú le daltaí gabháil don oideachas an athuair, muinín daltaí a fhorbairt agus cur lena n-inspreagadh, folláine a chur chun cinn agus, i gcás daltaí atá ag príomhchéimeanna aistrithe, cabhrú lena chinntiú go mbeidh siad in ann bogadh ar aghaidh chuig an socrúchán breisoideachais nó an tseirbhís aosach atá beartaithe acu, de réir mar is cuí, i mí Mheán Fómhair an bhliain seo chugainn.

…..

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na scéimeanna ar fáil ag gov.ie/summerprogramme, lena n-áirítear faisnéis faoi na tacaí atá ar fáil agus faoi conas is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh.

Beidh clár samhraidh bailebhunaithe ar fáil do dhaltaí a bhfuil **riachtanais chasta speisialta oideachais** acu i gcás nach mbeidh clár scoilbhunaithe á sholáthar ag an scoil. Eiseofar iarratas agus paca faisnéise maidir leis an scéim bhailebhunaithe sna seachtainí atá romhainn, ar nithe iad is féidir a sholáthar do thuismitheoirí ansin.

Ba mhór againn comhar agus tacaíocht a fháil uait i leith an chláir samhraidh seo. Má bhíonn aon cheisteanna agat, seol ríomhphost chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie nó cuir glao ar 090 648 4292.

Le meas,

Frank Hanlon
Príomhoifigeach
Cuimsiú agus Riachtanais Speisialta Oideachais

…..